

# POBAL CHRÍOST RÍ GORT A' CHOIRCE

An tAth. Seán Ó Gallchóir

(074) 9135214 nó  
087-2237729

**10ú Eanáir 2021: Baisteadh an dTiarna**

[www.parishpress.net](http://www.parishpress.net)

[www.mcnmedia.tv](http://www.mcnmedia.tv)

Dé Domhnaigh	9.00	11.00	
Dé Luain			7.00
Dé Máirt		10.00	
Dé Céadaoine			7.00
Déardaoin		10.00	
Dé hAoine			7.00
Dé Sathairn		11.00	7.00

## PAIDRÍN (CHAPLET) THRÓCAIRE DÉ

Gach Máirt 6.15 i.n.

## ADHRADH NA NAOMHSHACRAIMINTE

Dé Máirt 10.45-5.45.

## AN PAIDRÍN AGUS BEANNACHT NA SACRAIMINTE

Gach Domhnach 7.00 i.n.

## CUMANN N. UINSIONN DE PÓL - Iarratais ar chuidiú chuig:

087 3566924.

## TACAÍOCHT / COMHAIRLEOIREACHT

Má tá tacaíocht nó cúram de dhíth ort féin nó ar dhuine éigin ar d'eolas maidir le cosaint pháistí nó le mí-úsáid pháistí i gcás dhuine de lucht oibre na hEaglaise téigh i dteangmháil leis an Phearsa Chúraim Thréadaigh-(OLP)

Seirbhís Cosaint Pháistí Ráth Bhoth. **Margaret Northage**  
**0862183011**

## Narcotics Anonymous

- 087 4045030
- 00447810172991

## AA (Alcoholics Anonymous)

- 087 6273596

## AL ANON

018732699. [info@al-anon-ireland.org](mailto:info@al-anon-ireland.org)

## BUÍOCHAS DO:

- Na daoine atá ag glanadh na suíochán i dTeach a' Phobail.

## FÉILTE

**Dé Céadaoine 13/1:** N. Hilary.

**Dé hAoine 15/1:** N. Íde.

**Dé Sathairn 16/1:** N. Fúrsa.

## IONAD POBAIL MHACHAIRE RABHARTAIGH : 50/50

- Beidh an chéad tarraingt eile ar-líne. Ticéid ar-líne fosta.
- Is féidir leat ticéad 50/50 a cheannacht ar líne @ <https://paypal.me/tografiontar> - seans amháin €2 agus 3 seans €5.

## Baisteadh an Tiarna St Paul 80 Salm Is: 12:2-6

### AN CHÉAD LÉACHT

**Sliocht as leabhar Ísáia fáidh. 5:1-11.**

Hóigh, a lucht an tarta, taraigí go dtí an t-uisce;

fiú muna bhfuil airgead agaibh, taraigí.

Ceannaigí cruithneacht agus ithigí gan díol as, agus fíon agus bainne gan íoc.

Cén fáth a gcaitheann sibh airgead ar rud nach arán é,

luach bhur saothair ar rud nach bhfuil sásamh ann?

Éistigí liomsa agus beidh sóláistí le hithe agaibh

agus taitneamh á bhaint agaibh ag togha an bhia.

Tugaigí cluas agus taraigí chugam, éistigí agus beidh bhur n-anam saolach.

Nascfaidh mé conradh síoraí libh, de na grástaí a gealladh do Dháiví.

Is amhlaidh atá tú mar fhinné agam do na ciníocha,

i do cheann feadhna agus i do cheannasáir ar na náisiúin.

Seo, glaofaidh tú ar chine nárbh aithin duit,

agus tiocfaidh daoine anaithnide ina rith chugat,

toisc an Tiarna, do Dhia agus Naomh Isráel, ós é a chuir maise ort.

Lorgaigí an Tiarna, fad a chuireann sé é féin ar fáil, glaigí air, fad atá sé i ngar.

Fágadh an coirpeach a bhealach agus fear na hurchóide a bhearta.

Filleadh sé ar an Tiarna a ghlacfaidh trua dó,

agus ar ár nDia, atá fial faoi mhaithiúnas.

Óir ní hiad bhur mbearta mo bhearta,

ná ní hiad mo bhealaí bhur mbealaí, briathar an Tiarna.

Is ard iad na spéartha os cionn na talún,

agus is comh-ard mo bhealaí os cionn bhur mbealaí,

mo bhearta os cionn bhur mbearta.

Óir mar a thagann báisteach agus sneachta anuas ó na spéartha agus

nach bhfillleann suas ansin gan an talamh a mhaothú, gan fás agus eascar

a chur ann, ionas go dtugann sé síol don síoladóir agus arán le hithe, is

amhlaidh don bhriathar a théann as mo bhéal, ní fhilleann orm gan

toradh, gan an rud ab áil liom a dhéanamh agus mo bheart a chur i

gcrích.

### FREAGRA AN tSAILM:

**Beidh sibh ag tarraingt uisce go lúcháireach  
as toibreacha an tslánaithe.**

### AN DARA LÉACHT

**Sliocht as céad litir Naomh Eoin. 5:1-9.**

Gach duine a chreideann gurb é Íosa an Críost is ó Dhia a

gineadh é, agus gach duine a thugann grá don té a ghin tugann sé grá

fosta don té a gineadh. Is mar seo atá 'fhios againn go dtugaimid grá do

chlann Dé, nuair a thugaimid grá do Dhia agus nuair a chomhlíonaimid a

aitheanta. Mar gurb é seo grá Dé, comhlíonadh a aitheanta: agus ní

tromualach a aitheanta. Óir gach a ghintear ó Dhia sáraíonn sé an saol

agus is í an chaithréim a sháraíonn an saol, ár gcreideamh. Cé sháraíonn

an saol murab é an té a chreideann gurb é Íosa Mac Dé? Sé Íosa Críost

an té a tháinig le huisce, le fuil agus leis an Spiorad. Ní leis an uisce

amháin ach leis an uisce agus leis an fuil; tá an Spiorad ag tabhairt

fianaise, mar gurb í an fhírinne an Spiorad.

Tá triúr ann a thugann fianaise (ar neamh, an tAthair, an Briathar agus an

Spiorad Naomh; agus is aon an triúr: Agus tá triúr a thugann fianaise ar

talamh:) an t-uisce agus an fuil. Tá an triúr ar aon fhocal.

Má ghlacaimidne le fianaise dhaonna is treise arís fianaise Dé; is é seo

fianaise Dé gur thug sé teastas gurb é a Mhac é.

### ALLELUIA

Alleluia, alleluia!

Chonaic Eoin Íosa ag teacht chuige agus dúirt:

"Seo é uan Dé, a thógann peacaí an domhain"

Alleluia!

### PÓCANNAÍ 2021

Muna bhfuair tu ceann, inis don tSagart é.

## CÚRSAI AIRGID/STATISTICÍ 2020

### Teach Pobail Chríost Rí

	2001	02	03	04	05	06	07	08	09	10	11	12	13	14	15	16	17	18	20	2020
Baistíocha	27	31	40	43	35	45	37	48	50	53	33	49	44	39	31	54	34	41	45	29*
Tórraimh	38	40	33	37	41	30	34	34	30	31	40	41	32	28	41	33	24	33	30	31**
Póstaíocha	15	12	13	21	14	16	13	11	15	12	13	13	12	13	16	13	11	10	9	5***
An Chéad Chomaoine	34	37	31	36	27	41	25	25	33	25	39	34	33	31	27	29	26	21	29	22
Cóineartú		80		68		76		68		64		54		61	2	58	-	56	-	57

\*17 as an 29 atá ina gcónaí sa pharóiste.

\*\*3 Lánúin as an 5 atá ina gcónaí sa pharóiste.

\*\*\* Cuireadh triúr acu ar an Fhál Charrach. Lena cois an 31, cuireadh ceathrar i dToraigh.

#### COMAOINEACH SPIORADÁLTA

A Íosa creidim gur mhaith leat cónaí a dhéanamh ionam agus creidim go bhfuil tú i láthair i Naomh-Shacraimint na hAltóra.

Tá grá agam duit thar gach rud agus is mian liom fáilte a chur romhat isteach i m'anam.

Os rud de nach dtig liom fáilte a chur romhat sa tSacraimint i láthair na huaire, tar go spioradálta isteach i mo chroí.

Cuirim fáilte romhat ionas is dá mbeifeá istigh ionam agus aontaím me féin go hiomlán leat.

Ná lig domh scaradh leat go deo. Áiméan.

#### COVID 19

- Ag tús 2021 tá muid i Leibhéal 5 de na srianta.
- Ní thig leis an phobal a bheith i láthair ag an Aifreann ach amháin i gcás tórraimh (10 ceadaithe) agus bánseachaí (6 ceadaithe).
- Bíonn Teach a' Phobail foscaithe ó 10-6 achan lá agus tá fáilte roimh dhaoine a theacht isteach le hurnaí a dhéanamh
- Bíonn an Nuachtlitir ar fail gach Aoine. Buíochas mór dona siopaí – Eurospar/An Garáiste/An Búistéir, M.R.
- Bíonn na na Nuachtlitir i dTeach a' Phobail fosta agus ar líne.
- Tá muid iontach buíoch do gach duine a chuireann na pócanaí sna boscaí ag cúl Theach a' Phobail nó i bpóirse Theach a' tSagairt. Tá muid buíoch daofa seo uilig a chuireann an t-airgead sna pócanaí sa bhaile gach seachtain lena dtabhairt isteach amach anseo.
- Os rud é nach bhfuil cead cuartaíochta ní bheidh an Sagart ag cuartaíocht ná ag 'ul thart ar na seandaoine/daoine tinne.
- Má tá sé de dhíth, cuir scairt air.
- Iarrtar orainn uilig cloí lena treoracha agus na srianta ar mhaithe le leas an phobail.
- Déantar an ceo-shileadh i dTeach a' Phobail dhá uair sa tseachtain.

#### CUIMHNEACHÁIN BÁIS

##### Bás le Gairid

Annie Ní Bhraonáin, Caiseal na gCorr

Annie Ní Chanainn, An Ardaí Bheag/Mín a' Chladaigh/Glaschú

Míle Ó Canainn, An Ardaí Bheag

Maire Mhic Diarmada, Leitir Ceanainn/Caiseal na gCorr

Hugo Ó Rabhartaigh, An Bhealtaine

Míle Ó Maoilchiaráin, Doire Chonaire

Nuala Uí Dhómhnaill, Dún Lúiche/An Ardaí Bheag

Mary (Mhéidí Coyle) Willis, Canada

Maggie Ní Dhubhchoin, Doire Chonaire

Méidí Ní Mhaoilchiaráin, An Cheathrúin \*(Aifreann Dé Domhnaigh 17/1 @ 11)

Aimee Ní Dhuibheannaigh, Rann na Feirste

Anna Ní Dhochartaigh, Doire Uí Fhríil

Annie Ní Dhuibhir, An Luinnigh

An tSiúr Rosaria Nic Géidigh OSF, Glaschú/Machaire Rabhartaigh

Ciarán Mac Cionnaith, Nua Eabhrach

Pól Mac Giolla Easpaig, Cois Cláidí

Bríd Mhic Giolla Easpaig, An Bun Beag

Peter Doherty, Carraig Airt

##### Cuimhneacháin

Biddy (Róise) Nic Íomhair, Glais a' Chú

Dé hAoine 8/1 @ 7.00

Patrick Mac Aoidh, Machaire Rabhartaigh

Dé Sathairn 16/1 @ 7.00

Mícheál Ó Dónaill, Caiseal na gCorr

Dé Sathairn 9/1 @ 7.00

Bríd Ní Mhaoilchiaráin, An Fál Carrach

Dé Domhnaigh 17/1 @ 9.00

Columba Ní Cheallaigh, An Ardaí Bheag

Dé Domhnaigh 10/1 @ 11.00

**Suaimhneas Síoraí dá nAnamacha Uilig**